



## Foilsiú Thuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2019

D'fhoilsigh An Bord Pleanála Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2019 inniu [28 Iúil 2020]

### Cásobair Phleanála agus Buaicphointí Feidhmíochta

Lean an treocht aníos i líon na gcásanna pleanála a fuarthas, tríd is tríd, agus mhéadaigh líon na gcásanna anuraidh (2,939) 7% ar an líon a fuarthas in 2018 (2,734).

Ba é 2,971 líon na gcásanna a cinneadh in 2019, arb ionann é agus 4% de mhéadú ar an mbliain roimhe (2,848).

### Gnáthachomhairc Phleanála

D'fhan líon na n-achomharc pleanála mórán gan athrú, ó 2,028 in 2018 go 2,076 in 2019. Ba ionann agus 71% de na cásanna uile a cuireadh faoi bhráid an Bhoird na cineálacha cásanna seo. Baineadh amach ráta comhlíonta iomlán de 69% ó thaobh gnáthachomhairc phleanála a thabhairt chun críche laistigh den spriocthréimhse reachtúil 18 seachtaine. Ba fheabhsú suntasach é sin ar an ráta comhlíonta 39% a tuairiscíodh in 2018.

Ba é 18.4 meán na seachtainí a thóg sé gnáthachomhairc phleanála a thabhairt chun críche, a bhí díreach 3 lá ar an meán lasmuigh den spriocthréimhse agus i bhfad níos ísle ná an meán de 22.4 seachtaine in 2018.

## **Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta**

Bliain ghnóthach eile ab ea 2019 ó thaobh iarratais ar Fhorbairtí Straitéiseacha Tithíochta. Fuarthas 119 iarratas bailí, méadú suntasach ar an 39 iarratas a fuarthas in 2018.

Chinn an Bord 82 iarratas san iomlán agus tugadh cead in 68 cás (83%) agus diúltaíodh cead in 14 cás (17%). I measc na 68 cinneadh sin, ceadaíodh 16,607 aonad cónaithe (comhdhéanta de 4,334 teach agus 12,273 árasán), 5,019 spás leapa do mhic léinn agus 208 spás leapa i 'gcóiríocht chomhroinnte'.

In ainneoin na n-iarratas ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta, d'éirigh leis an mBord na tréimhsí ama reachtúla atá leagtha síos sa reachtaíocht a chomhlíonadh 100% (16 seachtaine i gcoitinne, nó 24 seachtaine i gcásanna ina dtionóltar éisteacht ó bhéal).

## **Forbairt bonneagair straitéisigh**

Fuarthas 26 iarratas ar fhorbairt bonneagair straitéisigh ó údaráis áitiúla, forbróirí príobháideacha agus gealltóirí reachtúla, suas 30% ar fhigiúirí 2018. Rinneadh cinntí ar 21 thogra in 2019.

Agus Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2019 á bhfoilsíú, chuir Dave Walsh, Cathaoirleach an Bhoird Pleanála, fáilte roimh an fheabhsú ar fheidhmíocht san eagraíocht ó thaobh iarratais agus achomhairc a phróiseáil.

“D'éirigh linn an riaráiste cásanna a bhí ag méadú le cúpla bliain anuas a ghlanadh ionas go raibh ar ár gcumas feabhsú a dhéanamh ar chomhlíonadh na spriocthréimhse reachtúil 18 seachtaine do chásanna achomhairc phleanála, agus comhlíonadh an sprioc i 70% de chásanna, nach mór. Táimid ag tabhairt tús áite i gcónaí do chinntí a dhéanamh a luaithe is féidir maidir le cinntí ar thithíocht straitéiseach agus ar fhorbairt bonneagair.

D’ainneoin thionchar leanúnach Covid-19 bhí oifigí an Bhoird ar oscailt i gcónaí don phobal, bhí oibríochtaí an Bhoird ar siúl i gcónaí agus rinne an fhoireann iad féin a oiriúnú do na dúshláin ar fad a tháinig chun cinn. Níor tharla aon laghdú ar fheidhmíocht sa chéad leath de 2020 agus tá súil againn go n-éireoidh linn an t-ardleibhéal feidhmíochta céanna a choinneáil sa chuid eile de 2020.”

Críoch.

**[28 Iúil 2020]**